2026/980

21.5.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 24/2026**

**an 6 Feabhra 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/980]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir Tarmligthe (AE) 2025/1802 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe i sádair ardteochta leáite ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Treoir Tarmligthe (AE) 2025/2363 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe i ngloine nó i gcomhpháirteanna ceirmeacha ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Treoir Tarmligthe (AE) 2025/2364 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine do luaidhe mar eilimint chóimhiotalaithe i gcruach, in alúmanam agus i gcopar ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i bpointe 12q (Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32025 L 1802**: Treoir Tharmligthe (AE) 2025/1802 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2025 (IO L, 2025/1802, 21.11.2025),

— **32025 L 2363**: Treoir Tharmligthe (AE) 2025/2363 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2025 (IO L, 2025/2363, 21.11.2025),

— **32025 L 2364**: Treoir Tharmligthe (AE) 2025/2364 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2025 (IO L, 2025/2364, 21.11.2025).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Treoracha Tarmligthe (AE) 2025/1802, (AE) 2025/2363 agus (AE) 2025/2364 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

([1]) IO L, 2025/1802, 21.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2025/1802/oj.
([2]) IO L, 2025/2363, 21.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2025/2363/oj.
([3]) IO L, 2025/2364, 21.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2025/2364/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Feabhra 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN